HEA
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS
HIGHER EDUCATION AUTHORITY

# Straitéis ón ÚAO um Shláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne



## Réamhrá

Ón mbliain 2019 i leith, tá beartas á fhorbairt agus á chur chun feidhme ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) i réimse na sláinte agus na folláine san ardoideachas. Is é atá i gceist leis an obair sin go príomha ná dhá chreat – an *Creat Náisiúnta ón ÚAO um Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc*, agus an *Chairt agus Creat ón ÚAO um Champas Sláintiúil* – a chur chun feidhme agus leithdháileadh bliantúil €5m a thabhairt d'institiúidí ardoideachais a chistítear go poiblí lena chaitheamh ar thacaí meabhairshláinte agus folláine do mhic léinn. Chun tacú leis an gcuspóir straitéiseach atá ann tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus mic léinn san ardoideachas, áirítear leis an bPlean Straitéiseach Corparáideach ón ÚAO don tréimhse 2023-2026 tomhas feidhmíochta a bhaineann le Straitéis ón ÚAO um Shláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne a fhorbairt.

## An Creat Náisiúnta um Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc (2020)

Mar chuid den straitéis ón Roinn Sláinte dar teideal *Ceangal ar son na Beatha – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020*, cuireadh de chúram ar an ÚAO 'treoirlínte náisiúnta a fhorbairt d'institiúidí ardoideachais i ndáil le riosca féinmharaithe agus i ndáil le freagairt do theagmhais chriticiúla agus, ar an tslí sin, cabhrú le haghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí atá ann maidir le féinmharú a chosc san ardoideachas'.

Sa bhliain 2018, thionóil an ÚAO grúpa oibre um fhéinmharú a chosc san ardoideachas ar mhaithe leis an sprioc sin a bhaint amach. Ba ón ÚAO, ón Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn, ó Chomhairleoirí Síceolaíochta san Ardoideachas in Éirinn, ó Chumann Sláinte Mac Léinn na hÉireann agus ón bhFondúireacht Náisiúnta um Thaighde ar Fhéinmharú a tarraingíodh na comhaltaí den ghrúpa oibre. Áiríodh leis an ngrúpa freisin ainmnithe ó Chumann Ollscoileanna na hÉireann, ón gCumann Ardoideachais Teicneolaíochta, ó Mheabhairshláinte Éireann, ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ó Rannóg Meabhairshláinte FSS.

Bhí an grúpa oibre den tuairim nach féidir cosc an fhéinmharaithe san ardoideachas a mheas a bheith ina shaincheist aonair agus gur gá plé leis laistigh de na mór-threoirlínte náisiúnta maidir le meabhairshláinte mac léinn. Ar an gcúis sin, leathnaíodh raon feidhme an chreata chun saincheisteanna meabhairshláinte i gcoitinne a chumhdach. Foilsíodh an *Creat Náisiúnta um Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc* sa bhliain 2020, in éineacht le treoirlínte mionsonraithe cur chun feidhme d'institiúidí.

Sainaithnítear sa chreat naoi bpríomhthéama agus spriocanna gaolmhara d'institiúidí, is iad sin:

1. Treorú: "Straitéisí náisiúnta agus institiúideacha a cheapadh agus a chothú le haghaidh meabhairshláinte mac léinn"
2. Comhoibriú: "Comhpháirtíochtaí le seirbhísí sláinte a fhorbairt ar an gcampas agus sa phobal chun tacú le meabhairshláinte mac léinn"
3. Oideachas a chur: "Cur leis an eolas agus na scileanna atá ag an gcampas maidir le meabhairshláinte mac léinn agus maidir le féinmharú a chosc"
4. Caidreamh a dhéanamh: "Pobail champais a fhorbairt atá ceangailte, sábháilte, cothaitheach, cuimsitheach agus comhbhách"
5. Sainaithint: "Tosaíocht a thabhairt d'oiliúint feasachta do gach ball foirne agus mac léinn ar mhaithe le haitheantas agus atreorú a fheabhsú"
6. Tacaíocht a thabhairt: "Tacaíocht meabhairshláinte atá sábháilte, inrochtana agus dea-acmhainnithe a thabhairt do mhic léinn"
7. Freagairt: "A chinntiú go bhfuil ag institiúidí na prótacail teagmhas criticiúil a theastaíonn do na leibhéil éagsúla géarchéime meabhairshláinte i measc mic léinn"
8. Aistriú: "Tacaí mac léinn a bhunú ar fud an aistir ardoideachais"
9. Feabhas a chur: "Sonraí a bhailiú agus a anailísiú chun bonn eolais a chur faoi bhearta atá ceaptha chun meabhairshláinte mac léinn a fheabhsú"

### An Chairt agus Creat ón ÚAO um Champas Sláintiúil

Sa bhliain 2022, ghlac an ÚAO ceannas go foirmiúil ar chur chun feidhme na Cairte agus Creat um Champas Sláintiúil. Tá sé mar aidhm leis an gCreat sin an tsláinte agus an fholláine a leabú ar bhealach níos leithne laistigh d'institiúidí, agus tugtar ann treo straitéiseach maidir le cur chuige campais uile a fhorbairt i leith na sláinte agus na folláine. Is ionann é agus creat trínar féidir le hinstitiúidí aghaidh a thabhairt ar riachtanais a shainaithnítear go háitiúil agus ar thosaíochtaí sláinte náisiúnta trí leas a bhaint as cur chuige campais uile.

Comhchruthaíodh an Creat trí phróiseas comhairleach idir na hinstitiúidí ardoideachais, an Roinn Sláinte, agus FSS. Sa bhliain 2022, aistríodh an Creat go hoifigiúil chuig an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), le tacaíocht ón gclár Éire Shláintiúil.

Leis an gCreat um Champas Sláintiúil, glactar tuiscint iomlánaíoch ar an tsláinte, glactar cur chuige campais uile, agus féachtar le timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochta a chruthú a chuireann feabhas ar shláinte agus folláine phobal an champais agus a chuireann ar chumas daoine barr a gcumais a bhaint amach. Seo a leanas na haidhmeanna atá leis an gCreat um Champas Sláintiúil:

- tuiscint chomhroinnte a chruthú ar Champas Sláintiúil chun gníomhaíocht a threorú agus a spreagadh i measc Institiúidí Ardoideachais;
- tacaíocht agus aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann Institiúidí Ardoideachais chun sláinte agus folláine pobal campais a fheabhsú;
- eolas a ghiniúint agus a scaipeadh chun an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn in Institiúidí Ardoideachais.

Sa Phróiseas um Champas Sláintiúil atá sa Chreat, glactar cur chuige cuimsitheach comhordaithe i leith an tsláinte agus an fholláine a fheabhsú, ar cur chuige é a bhfuil cúig chéim i gceist leis: Gealltanas a Thabhairt; Comhordú; Dul i gComhairle; Cruthú; agus Ceiliúradh agus Dul ar Aghaidh. Is próiseas timthriallach é, agus tugtar ann treoir maidir le conas an Creat a chur chun feidhme.

## Tá cur chuige campais uile sainmhínithe sa Chreat ar fud ceithre cholún:

- Ceannaireacht, Straitéis agus Rialachas
- Timpeallachtaí an Champais (Áiseanna agus Seirbhísí)
- Cultúr agus Cumarsáid an Champais
- Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil


**Grúpa Comhairleach Sláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne an ÚAO**

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Sláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne an ÚAO chun comhairle a chur ar fheidhmeannas an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO) maidir le beartas a bhaineann le sláinte agus folláine mac léinn agus ball foirne campais uile ar fud institiúidí ardoideachais, lena n-áirítear cur chun feidhme na *Cairte agus Creat um Champas Sláintiúil* agus cur chun feidhme an *Chreata Náisiúnta um Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc*, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Áirítear leis an ngrúpa comhairleach ionadaithe ó ghrúpaí geallsealbhóirí iomchuí ardoideachais, ó ranna/gníomhaireachtaí iomchuí rialtais, agus ó shaineagraíochtaí seachtracha de réir mar a bhaineann siad le sláinte agus folláine mac léinn agus ball foirne. Áirítear leo sin: Éire Shláintiúil; Rannóg Oideachais, Sláinte agus Folláine FSS; Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc; Mic Léinn; Seirbhísí do Mhic Léinn; Seirbhísí Comhairleoireachta na nInstitiúidí Ardoideachais; Seirbhísí Sláinte na nInstitiúidí Ardoideachais; Teiripe Saothair; Rochtain agus Cuimsiú; Comhionannas agus Éagsúlacht; Meabhairshláinte Óige; Sláinte agus Folláine Óige; Acmhainní Daonna; Gníomhaíocht agus Folláine Fhisiciúil; an Líonra Campas Sláintiúil; agus Institiúidí Ardoideachais Príobháideacha. Cuimsíonn an grúpa ceathrar Saineolaithe Acadúla i réimsí Chur Chun Cinn na Sláinte, na Sláinte agus na Folláine, agus na Meabhairshláinte freisin. Is ionadaí idirnáisiúnta atá i nduine amháin díobh.

Ag obair dó i gcomhar le Grúpa Comhairleach Sláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne an ÚAO, d’fhorbair an ÚAO straitéis chun forbairt agus cur chun feidhme bheartas an ÚAO i réimse na sláinte agus na folláine a threorú. Sa Straitéis ón ÚAO um Shláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne, sainaithnítear ceithre thosaíocht straitéiseacha a bheidh ag an ÚAO thar na 3-5 bliana atá le teacht. Buntaca leis na tosaíochtaí sin is ea roinnt tosaíochtaí straitéiseacha agus gníomhartha gaolmhara.

# Straitéis ón ÚAO um Shláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne



## Córas ardoideachais a bhrú chun cinn lena dtacaítear le folláine mac léinn agus ball foirne

| # | TOSAÍOCHTAÍ NA STRAITÉISE | CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE | GNÍOMHARTHA |
|---|---|---|---|
| 1 | Córas ardoideachais a bhrú chun cinn lena dtacaítear le folláine mac léinn agus ball foirne | **1.1** Tacaíocht ardleibhéil a fháil ó na hInstitiúidí Ardoideachais do champais a chuireann an tsláinte chun cinn (i.e., Uachtaráin na nInstitiúidí Ardoideachais)<br><br>**1.2** Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne ar gach leibhéal trí fhóraim agus tionscnaimh náisiúnta iomchuí | ■ Leanúint le tacú le cur chun feidhme an dá Chreat agus leanúint le faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta um Meabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc, agus an plean gníomhaíochta náisiúnta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air<br>■ An Uirlis Féinmheastóireachta um Champas Sláintiúil a chur chun cinn agus meastóireacht a dhéanamh ar úsáid na hUirlise<br>■ Dea-chleachtas straitéiseach a shainaithint agus a chomhroinnt<br>■ Imeachtaí comhroinnt eolais a éascú<br>■ Piarthacaíocht a chumasú tríd an Líonra Campas Sláintiúil agus trí phobal cleachtais meabhairshláinte<br>■ Gníomhú mar acmhainn láraithe chun tacú leis an earnáil |

## Spriocanna straitéiseacha náisiúnta a shainaithint don tsláinte agus don fholláine san ardoideachas

| # | TOSAÍOCHTAÍ NA STRAITÉISE | CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE | GNÍOMHARTHA |
|---|---|---|---|
| 2 | Spriocanna straitéiseacha náisiúnta a shainaithint don tsláinte agus don fholláine san ardoideachas | **2.1** Teachtaireacht fhianaisebhunaithe a fhorbairt maidir le cur chun cinn na sláinte agus cur chun cinn na meabhairshláinte araon san ardoideachas<br><br>**2.2** Plean gníomhaíochta atá faoi cheangal ama a fhorbairt don tsláinte agus don fholláine | ■ Sainmhínithe a chomhaontú ar fholláine mac léinn agus ball foirne, etc.<br>■ Méadrachtaí a fhorbairt chun an tsláinte agus an fholláine a thomhas<br>■ Samhlacha cleachtais a shainaithint<br>■ An leanúntas tacaíochta a léarscáiliú ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais, agus cur chuige caighdeánaithe náisiúnta a fhorbairt<br>■ Plean gníomhaíochta ilbhliantúil a fhoilsiú |

## An fholláine a cheangal le mórspriocanna straitéiseacha san ardoideachas

| # | TOSAÍOCHTAÍ NA STRAITÉISE | CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE | GNÍOMHARTHA |
|---|---|---|---|
| 3 | An fholláine a cheangal le mórspriocanna straitéiseacha san ardoideachas | **3.1** Comhoibriú ar fud cláir oibre ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta<br><br>**3.2** Obair an aonaid sláinte agus folláine a ailíniú le réimsí eile oibre san ÚAO | ■ Cruinnithe Ghrúpa Comhairleach Sláinte agus Folláine Mac Léinn agus Ball Foirne an ÚAO a thionól<br>■ Imeachtaí trasfheidhmiúla earnála a eagrú<br>■ Leanúint le hobair i gcomhar le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile (e.g., an Roinn Sláinte, FSS, Jigsaw, AsIAm, etc.)<br>■ Sineirgí féideartha a shainaithint le réimsí eile beartais an ÚAO |

## Cistiú a sholáthar don tsláinte agus don fholláine ar fud an chórais

| # | TOSAÍOCHTAÍ NA STRAITÉISE | CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE | GNÍOMHARTHA |
|---|---|---|---|
| 4 | Cistiú a sholáthar don tsláinte agus don fholláine ar fud an chórais | **4.1** Tosaíochtaí cistiúcháin a shainaithint chun tacú le sláinte agus folláine mac léinn agus ball foirne<br><br>**4.2** Cistiú don tsláinte agus don fholláine a leathnú níos faide ná tacaí meabhairshláinte amháin | ■ Tionscadail náisiúnta atá ábhartha go straitéiseach a shainaithint agus a chistiú<br>■ Idirghabhálacha luach ar airgead a shainaithint<br>■ Páipéar seasaimh a fhorbairt don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le riachtanais chistiúcháin agus tosaíochtaí cistiúcháin ó thaobh na sláinte agus na folláine de |

